# Joan Fitzgerald

## Trína Súile

**Féach ar an bhfíseán ar dtús faoi Thekla Beere. Cabhróidh an ghluais seo leat.**

| | |
|---|---|
| Na Gaill | Sasanaigh a bhí ina gcónaí in Éirinn |
| Constábla | Oifigeach a bhfuil sé de chúram air/uirthi an tsíocháin a choinneáil |
| Baintreach | Bean a bhfuil a fear céile marbh |
| Cleamhnas | Focal eile ar phósadh |
| Urmhumhain | Ceantar a raibh codanna móra de Chill Chainnigh, Tiobraid Árainn agus Port Láirge mar chuid de |
| Drogall | Nuair nach bhfuil tú ag iarraidh rud éigin a dhéanamh |
| Uacht | Teastas oifigiúil, dlíthiúil ina gcuirtear síos ar conas ba mhaith leis an duine atá marbh go gcaithfí a gcuid maoine agus airgid |
| Bean uasal | Bean shaibhir de chuid na huasaicme |
| Iarla Deasmhumhan | Fear a raibh cuid mhaith talaimh i ndeisceart Chúige Mumhan ina sheilbh aige |
| Iarlacht | Gradam ón rí a chiallaíonn gur ceannasaí tú ar cheantar mór, fairsing sa ríocht |
| Cuntaois | Bean uasal nó bean de chuid na huasaicme |
| Idirghabháil | Ag iarraidh teacht ar réiteach faidhbe nó achrainn idir dhá dhream nó níos mó |
| Sos cogaidh | Nuair nach mbíonn aon troid nó trodaireacht ar siúl |
| Na Gaill | Sasanaigh a bhí ina gcónaí in Éirinn |
| Constábla | Oifigeach a bhfuil sé de chúram air/uirthi an tsíocháin a choinneáil |
| Baintreach | Bean a bhfuil a fear céile marbh |

# Joan Fitzgerald

## Trína Súile

**Anois, féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| Bhí sláinte mhaith ar Thekla Beere agus í ina cailín óg | F |
| D'fhreastail athair Thekla ar Choláiste na Tríonóide | |
| Mhúin máthair Thekla í agus í ina cailín óg | |
| D'fhreastail sí ar scoil den chéad uair nuair a bhí sí 14 bliana d'aois. | |
| Ghlac Thekla le jabanna beaga le híoc as an gcoláiste | |
| Níor oibrigh Thekla riamh sa státseirbhís | |
| Caitliceach a bhí i Thekla Beere | |
| Chaith Thekla dhá bhliain i Meiriceá ar scoláireacht i lár na bhfichidí | |
| Bhuail Thekla le Príomh-Aire na Breataine le linn di a bheith i Meiriceá | |
| Ba i Thekla Beere an chéad bhean riamh a fuair post mar léachtóir le staitisticí in ollscoil in Éirinn | |
| Ní dhearna Thekla aon dul chun cinn sa státseirbhís | |
| Bhí an-spéis ag Thekla sa sacar | |
| Bhí Thekla ar dhuine de chomhbhunaitheoirí An Óige sa bhliain 1931 | |

# Joan Fitzgerald

## Trína Súile

**Anois, ag obair leis an duine in aice leat, meaitseálaigí tús na n-abairtí seo a leanas leis an deireadh ceart. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| **Bean Uasal in Éirinn an tséú haois déag** | An dara fear céile ag Joan Fitzgerald |
| Throid an tríú fear céile ag Joan Fitzgerald in aghaidh duine | **Ba ea an Chuntaois Joan Fitzgerald** |
| Sa séú haois déag i gCúige Mumhan ba nós le muintir Deasmhumhan agus | Bhliain 1546 |
| An tUasal Francis Bryan ba ea | Na Gearaltaigh an dá theaghlach is cumhachtaí i ndeisceart na hÉireann sa séú haois déag |
| Phós Joan Fitzgerald an tUasal Francis Bryan ar mhaithe le | Chumhachtach, chliste agus ghlic ba ea Joan Fitzgerald |
| Is annamh a fhaighimid léargas ar ghuth | Coróin Shasana a shásamh |
| Ba iad na Buitléirigh agus | De mhic Joan Fitzgerald |
| Cailleadh an chéad fhear céile ag Joan Fitzgerald sa | Níor mhair an tsíocháin idir muintir Deasmhumhan agus Urmhumhan tar éis a báis |
| Bean sheiftiúil, | Na mban ó Éirinn an tséú haois déag |
| Bhí ardmheas ag an | MBanríon Éilís a hAon ar Joan Fitzgerald |
| In anneoin iarrachtaí Joan Fitzgerald | Muintir Urmhumhan a bheith in adharca a chéile |

# Joan Fitzgerald



## Trína Súile

**Anois, ag obair le do pháirtí ranga tugaigí faoin gceacht seo ar stair na hÉireann sa séú haois déag.**

Shasana, Protastúnachas, Ghaelacha, Cogadh, dlíthe, stair, dhaingean, Angla-Éireannacha

Tréimhse chorraitheach i ________ na hÉireann ba ea an séú haois déag. Tháinig méadú as cuimse ar chumhacht Choróin ________ ar Éirinn de réir a chéile. Ag tús na haoise sin b'iad na taoisigh ________ agus teaghlaigh Angla-Éireannacha a raibh cuid mhaith den chumhacht acu sa tír. Bhain Joan Fitzgerald le ceann de na teaghlaigh chumhachtacha ________-______________ sin, na Gearaltaigh. Cuireadh _______ agus nósanna Shasana i bhfeidhm in Éirinn. Chomh maith leis sin, rinneadh iarrachtaí móra muintir na hÉireann a iompú ar an b_______________. Is iad Éirí Amach Dheasmhumhan agus __________ na Naoi mBliana an dá shampla is mó le linn an chéid de na Gaeil ag iarraidh cumhacht Shasana in Éirinn a laghdú. Theip ar iarrachtaí úd na nGael agus faoin mbliain 1600 bhí cumhacht ___________ag Coróin Shasana ar Éirinn.

**Anois, breac síos cúig fhíric stairiúla atá foghlamtha agat faoin gCuntaois Joan Fitzgerald.**


1)________________________________________________________________________

2)________________________________________________________________________

3)________________________________________________________________________

4)________________________________________________________________________

5)________________________________________________________________________




Foghlaim TG4



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Joan Fitzgerald



## Trína Súile

**Taighde:**

**Seo a leanas cúigear ban eile a raibh ról tábhachtach acu i stair na hÉireann agus i stair Shasana sa séú haois déag. Déan taighde ar líne agus scríobh síos abairt amháin chun cur síos a dhéanamh ar na mná tábhachtacha seo.**

1) Gráinne Mhaol:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

2) An Bhanríon Éilís a hAon:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

3) Margaret Ball:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

4) Máire Stiobhart, Banríon na hAlban

________________________________________

________________________________________

________________________________________

5) Mabel Bagenal:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

# Joan Fitzgerald

## Na Freagraí

1. Bréagach
2. Fíor
3. Fíor
4. Fíor
5. Bréagach
6. Bréagach
7. Fíor
8. Fíor
9. Bréagach
10. Fíor
11. Bréagach

1. Bean Uasal in Éirinn an tséú haois déag ba ea an Chuntaois Joan Fitzgerald.
2. Throid an tríú fear céile ag Joan Fitzgerald in aghaidh duine de mhic Joan Fitzgerald.
3. Sa séú haois déag i gCúige Mumhan ba nós le muintir Deasmhumhan agus munitir Urmhumhan a bheith in adharca a chéile.
4. An t-Uasal Francis Bryan ba ea an dara fear céile ag Joan Fitzgerald.
5. Phós Joan Fitzgerald an t-Uasal Francis Bryan ar mhaithe le coróin Shasana a shásamh.
6. Is annamh a fhaighimid léargas ar ghuth na mban ó Éirinn an tséú haois déag.
7. Ba iad na Buitléirigh agus na Gearltaigh an dá theaghlach is cumhachtaí i ndeisceart na hÉireann sa séú haois déag.
8. Cailleadh an chéad fhear céile ag Joan Fitzgerald sa bhliain 1546.
9. Bean sheiftiúil, Chumhachtach, chliste agus ghlic ba ea Joan Fitzgerald.
10. Bhí ardmheas ag an mBanríon Éilís a hAon ar Joan Fitzgerald.
11. In anneoin iarrachtaí Joan Fitzgerald níor mhair an tsíocháin idir muintir Deasmhumhan agus Urmhumhan tar éis a báis.

# Joan Fitzgerald

## Na Freagraí

Tréimhse chorraitheach i stair na hÉireann ba ea an séú haois déag. Tháinig méadú as cuimse ar chumhacht Choróin Shasana ar Éirinn de réir a chéile. Ag tús na haoise sin ba iad na taoisigh Ghaelacha agus teaghlaigh Angla-Éireannacha a raibh cuid mhaith den chumhacht acu sa tír. Bhain Joan Fitzgerald le ceann de na teaghlaigh chumhachtacha Angla-Éireannacha sin, na Gearaltaigh. Cuireadh dlíthe agus nósanna Shasana i bhfeidhm in Éirinn. Chomh maith leis sin, rinneadh iarrachtaí móra muintir na hÉireann a iompú ar an bProtastúnachas. Is iad Éirí Amach Dheasmhumhan agus Cogadh na Naoi mBliana an dá shampla is mó le linn an chéid de na Gaeil ag iarraidh cumhacht Shasana in Éirinn a laghdú. Theip ar iarrachtaí úd na nGael agus faoin mbliain 1600 bhí cumhacht dhaingean ag Coróin Shasana ar Éirinn.

